Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Nollaig 2020
(OR. en)

14002/20

**Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0352 (NLE)**

**AVIATION 244
RELEX 1004
MA 8
OC 17**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Nollaig 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 794 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste a bhunaítear leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 794 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 794 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 11.12.2020
COM(2020) 794 final

2020/0352 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste a bhunaítear leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le cinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunaítear leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile ('an Comhaontú')[1].

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile

Is é is aidhm don Chomhaontú a bheith i bhfabhar rochtain ar an margadh a oscailt de réir a chéile agus reachtaíocht a chomhchuibhiú ionas go mbeifear níos gaire do reachtaíocht an Aontais, lena n-áirítear sna réimsí seo a leanas – an tsábháilteacht, an tslándáil, bainistíocht aerthráchta, rialáil eacnamaíoch, cosaint tomhaltóirí agus an comhshaol. Ba cheart na rialacha a bheith bunaithe ar an reachtaíocht ábhartha atá i bhfeidhm laistigh den Aontas Eorpach, mar a leagtar síos in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gComhaontú seo.

Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 19 Márta 2018.

### 2.2. An Comhchoiste

Bunaítear Comhchoiste le hAirteagal 22 den Chomhaontú. Beidh an Comhchoiste freagrach as an gComhaontú a riar agus áiritheoidh sé go gcuirfear chun feidhme go cuí é.

Chun na críche sin comhoibreoidh sé i raon réimsí agus déanfaidh sé moltaí agus cinntí i gcás ina bhfuil foráil shonrach maidir leis sin sa Chomhaontú. Is iad na príomhchúraimí atá air comhoibriú ar na bealaí seo a leanas: (a) malartuithe ar leibhéal na saineolaithe maidir le tionscnaimh agus forbairtí nua reachtacha nó rialála a chothú, lena n-áirítear sna réimsí seo a leanas – an tsábháilteacht, an tslándáil, an comhshaol, an bonneagar eitlíochta (lena n-áirítear sliotáin), agus cosaint an tomhaltóra; (b) scrúdú a dhéanamh go rialta ar éifeachtaí sóisialta an Chomhaontaithe de réir mar a chuirtear chun feidhme é, go háirithe i réimse na fostaíochta, agus freagairtí iomchuí a cheapadh i dtaobh ábhair a chinntear a bheith ina n-ábhair dhlisteanacha imní; (c) breithniú a dhéanamh maidir le réimsí eile ina bhféadfaí an Comhaontú a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear leasuithe ar an gComhaontú a mholadh.

Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 5 (Infheistíocht) den Chomhaontú, scrúdóidh an Comhchoiste ceisteanna a bhaineann le hinfheistíochtaí déthaobhacha faoi úinéireacht tromlaigh, nó le hathruithe maidir le rialú éifeachtach aeriompróirí de chuid na bPáirtithe.

Faoi Airteagal 22(6) den Chomhaontú, glacfaidh an Comhchoiste, le cinneadh, rialacha nós imeachta dó féin.

### 2.3. Gníomh beartaithe an Chomhchoiste

Ag an chéad chruinniú, glacfaidh an Comhchoiste cinneadh maidir le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh ('an gníomh atá beartaithe').

---

1 Cinneadh (AE) 2018/146 ón gComhairle an 22 Eanáir 2018 maidir leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais (IO L 26, 31.1.2018, lch. 4).

Is é is aidhm don ghníomh atá beartaithe rialacha nós imeachta a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 22(6) den Chomhaontú, na rialacha nós imeachta a bheidh mar bhonn d'eagrú agus d'fheidhmiú an Chomhchoiste agus a fhágfaidh go bhféadfar an Comhaontú a chur chun feidhme go cuí.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais tacú le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú. Ba cheart an seasamh a bhunú ar dhréachtchinneadh an Chomhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh ón gComhairle atá beartaithe.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

*4.1.1. Na prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos *'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'*

Áirítear ar na 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear orthu freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach 'a bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh',

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is éard atá sa Chomhchoiste comhlacht arna chur ar bun le comhaontú, arb é atá ann sa chás seo an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile.

Is é atá sa ghníomh a iarrtar ar an gComhchoiste a ghlacadh  gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis, ós rud é go mbeidh sé ceangailteach ar na Páirtithe faoin dlí idirnáisiúnta.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní fhorlíontar creat institiúideach an Chomhaontaithe ná ní leasaítear é.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Na prionsabail*

An bunús dlí substainteach maidir le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, eadhon an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

#### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is leis an aeriompar a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 100(2) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 100(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith ina mbunús dlí le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é gur le gníomh ón gComhchoiste a leagfar amach rialacha nós imeachta an Chomhchoiste, is iomchuí an gníomh sin a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh tar éis a ghlactha.

2020/0352 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste a bhunaítear leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas i gcrích an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile ('an Comhaontú') le Cinneadh (AE) 2018/146[1] ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 19 Márta 2018.

(2) Le hAirteagal 22 den Chomhaontú bunaítear Comhchoiste chun an Comhaontú a riar agus chun cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú.

(3) Foráiltear le hAirteagal 22(6) den Chomhaontú go nglacfaidh an Comhchoiste a rialacha nós imeachta.

(4) Chun cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú, ba cheart rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a leagan síos, ós rud é gur cinneadh a bheidh ina cheangal ar an Aontas a bheidh sa chinneadh ón gComhchoiste lena nglacfaidh sé a rialacha nós imeachta dó féin. Ba cheart seasamh an Aontais laistigh den Chomhchoiste a bhunú ar an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa chéad chruinniú den Chomhchoiste a cuireadh ar bun le hAirteagal 22 den Chomhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, i ndáil le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh, bunófar an seasamh sin ar an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

---

[1] Cinneadh (AE) 2018/146 ón gComhairle an 22 Eanáir 2018 maidir leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais (IO L 26/4, 31.1.2018, lch. 4).

Féadfaidh ionadaithe an Aontais laistigh den Chomhchoiste mionathruithe ar an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste a aontú gan Cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*